

Guí an phobail ag bainis

Original language draft. Review with a native-speaking celebrant before use.

Réamhrá an tsagairt

Ar lá na bainise seo, cuirimis riachtanais na lánúine, na hEaglaise agus an domhain os comhair Dé.

1. Ar son na hEaglaise agus gach duine a fhreastalaíonn uirthi, go dtuga Dia neart dóibh ina seirbhís. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. Ar son cheannairí an domhain, go dtuga Dia eagna dóibh chun síocháin agus ceartas a chur chun cinn. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

3. Ar son na ndaoine atá tinn nó gan dídean, go dtuga Dia solás dóibh agus an cúnamh atá de dhíth orthu. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

4. Ar son na lánúine seo, go neartaí Dia a ngrá agus a ndílseacht gach lá dá saol pósta. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

5. Ar son ár ngaolta atá tar éis bháis, go nglaca Dia leo i síocháin agus i solas a ríochta. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

6. Ar son mhuintir agus chairde na lánúine, go mbeannaí Dia dóibh agus go gcoinní sé aontaithe ina ghrá iad. A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Paidir dheiridh an tsagairt

A Athair ghrámhair, glac lenár nguí agus beannaigh an lánúin seo agus gach duine atá anseo. Trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.